Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2023
(OR. en)

9474/23

LIMITE

MIGR 169
JAI 632
ASIM 59
SOC 322
EMPL 208
EDUC 165
IA 108
CODEC 890

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0131(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8580/22 + ADD 1 - ADD 4 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)<br>- Téacs comhréitigh ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an leagan is déanaí den téacs comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an togra thuasluaite.

Léirítear na modhnuithe a moladh mar seo a leanas:

– tá téacs nua i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún i g**cló trom**;

– tá téacs nua i gcomparáid leis an leagan roimhe seo i g**<u>cló trom agus líne faoi</u>**;

– léirítear téacs a scriosadh i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún le **[…]**;

– léirítear téacs a scriosadh i gcomparáid leis an leagan roimhe seo le [...].

2022/0131 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú)**

PUBLIC

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) agus (b) d'Airteagal 79(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C 27, 3.2.2009, lch. 114.
2 IO C 257, 9.10.2008, lch. 20.
3 Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 24 Samhain 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2011 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.

(2) Forálacha maidir le nós imeachta um iarratas aonair as a dtiocfaidh comhtheideal a chuirfidh cead cónaithe agus cead oibre in aon ghníomh riaracháin amháin, cuideoidh siad le rialacha atá infheidhme faoi láthair sna Ballstáit a shimpliú agus a chomhchuibhiú.

(3) Chun teacht isteach a chéaduair a cheadú ina gcríoch, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cead aonair a eisiúint, nó i gcás nach n-eisíonn siad ceadanna aonair ach amháin tar éis teacht isteach, ba cheart dóibh a bheith in ann víosa a eisiúint. Ba cheart do na Ballstáit na ceadanna aonair nó na víosaí sin a eisiúint ar bhealach tráthúil.

(4) Ba cheart tacar rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun an t-iarratas ar chead aonair a scrúdú, ba cheart an tacar rialacha sin a leagan síos. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe agus gnáthualach oibre riaracháin na mBallstát a chur san áireamh ann, agus ba cheart é a bheith trédhearcach agus cothrom, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann.

(5) Ba cheart forálacha na Treorach seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun críoch oibre.

[4] Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát (IO L 343, 23.12.2011, lch. 1).

PUBLIC

(6) Ba cheart caidrimh fostaíochta idir **náisiúnaigh […]** tríú tír agus fostóirí a chumhdach leis an Treoir seo. I gcás ina gceadaíonn dlí náisiúnta Ballstáit náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí atá bunaithe ar a chríoch agus a bhfuil caidreamh fostaíochta acu leis an oibrí, níor cheart na **[…] náisiúnaigh tríú tír** sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo**, agus ba cheart an fheidhm chéanna a bheith ag gach foráil den Treoir seo a bhaineann le fostóirí maidir leis na gníomhaireachtaí sin.**

(7) Níor cheart **[…]** náisiúnaigh tríú tír atá ar postú a chumhdach leis an Treoir seo. Leis sin, níor cheart cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír, atá ina gcónaí agus ag obair go dleathach i mBallstát ach atá ar postú i mBallstát eile, leanúint den chóir chomhionann a fháil i ndáil le náisiúnaigh an Bhallstáit tionscnaimh fad a mhaireann an tréimhse postála, i ndáil leis na téarmaí agus leis na coinníollacha fostaíochta sin nach ndéanann cur i bhfeidhm Threoir 96/71/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[5].

**[…]**

(9) Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil stádas mar chónaitheoirí fadtéarmacha bainte amach acu i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE ón gComhairle[6], níor cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo i bhfianaise an stádais níos pribhléidí atá acu go domhanda agus go bhfuil cead cónaithe de chineál sonrach acu, is é sin 'cónaitheoir fadtéarmach de chuid an Aontais'.

---

5 Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

6 Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44).

(10) Náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit chun obair ar bhonn séasúrach a dhéanamh, agus a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach nó a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] níor cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo ós rud é go dtagann siad faoi raon feidhme Threoir 2014/36/AE, lena mbunaítear córas sonrach .

(11) An oibleagáid atá ar na Ballstáit a chinneadh cé acu a chuirfidh an náisiúnach tríú tír nó a fhostóir isteach an t-iarratas, ba cheart é a bheith gan dochar d'aon socrú lena gceanglaítear páirt a bheith ag an mbeirt acu sa nós imeachta. Ba cheart do na Ballstáit **[…] iarratais ar chead aonair a mheas agus a scrúdú nuair a bheidh cónaí ar an náisiúnach tríú tír lena mbaineann lasmuigh de chríoch an Bhallstáit ar mian leis cead isteach ann, nó nuair a bheidh an náisiúnach ina c(h)ónaí go dlíthiúil ar chríoch an Bhallstáit sin cheana féin agus cead bailí cónaithe nó víosa fhadfhanachta ina s(h)eilbh aige/aici arna eisiúint ag an mBallstát sin. Ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit freisin glacadh le hiarratais arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tír eile atá i láthair go dleathach ar a gcríoch**.

(12) Forálacha na Treorach seo faoin nós imeachta um iarratas aonair agus faoin gcead aonair, níor cheart baint a bheith ag víosaí aonfhoirmeacha nó fadfhanachta leo. **[…] Ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus i gcás ina n-eiseoidh Ballstát ceadanna aonair ar a chríoch féin amháin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an víosa is gá a eisiúint don náisiúnach tríú tír.**

---

[7] Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críoch fostaíochta mar oibrithe séasúracha (IO L 94, 28.3.2014, lch. 375).



PUBLIC

(13) Ba cheart a áireamh sa spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an iarratas **[…]** an t-am is gá chun na seiceálacha ar staideanna mhargadh an tsaothair a chomhlíonadh**, i gcás ina ndéantar an tseiceáil sin i ndáil le hiarratas aonair ar chead aonair. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh seiceáil ghinearálta ar staid mhargadh an tsaothair nach bhfuil nasctha le hiarratas aonair ar chead aonair. Maidir leis an víosa is gá chun an cead aonair a fháil, ba cheart do na Ballstáit féachaint lena heisiúint go tráthúil.**

(14) Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit **féachaint lena cheangal ar iarratasóirí gan na doiciméid ábhartha a thíolacadh ach an t-aon uair amháin agus** gan ach seiceáil shubstaintiúil amháin a dhéanamh ar an doiciméad/na doiciméid a thíolaic an t-iarratasóir chun cead aonair agus**, i gcás inarb infheidhme,** an víosa is gá a eisiúint **chun an cead a fháil** chun dúbailt oibre agus síneadh leis na nósanna imeachta a sheachaint. **[…]**

(15) Ba cheart ainmniúchán an údaráis inniúil faoin Treoir seo a bheith gan dochar do ról agus freagrachtaí údarás eile agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do chomhpháirtithe sóisialta, maidir leis an iarratas a scrúdú agus le cinneadh a dhéanamh ina thaobh.

(16) Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas, níor cheart, mar sin féin, an t-am a theastaíonn chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a chur san áireamh. Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí.

PUBLIC

(17) Ba cheart an cead aonair a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle[8], rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát tuilleadh faisnéise a chur isteach, go háirithe maidir le cé acu a cheadaítear don duine dul ag obair nó nach gceadaítear. Ba cheart do Bhallstát faisnéis a léiriú, *inter alia*, chun rialú níos fearr a dhéanamh ar imirce, ní hamháin maidir leis an gcead aonair ach maidir leis na ceadanna cónaithe go léir arna n-eisiúint, ar faisnéis í a bhaineann leis an gcead chun oibre, gan beann ar chineál an cheada nó ar an gcead cónaithe ar ar a bhonn a ligeadh an náisiúnach tríú tír isteach agus a tugadh rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin dó.

(18) Forálacha na Treorach seo maidir le ceadanna cónaithe chun críocha nach críocha oibre iad, níor cheart feidhm a bheith acu ach amháin maidir le formáid na gceadanna sin agus ba cheart iad a bheith gan dochar don Aontas nó do rialacha náisiúnta maidir le nósanna imeachta um ligean isteach agus maidir leis na ceadanna sin a eisiúint.

(19) Le forálacha na Treorach seo maidir leis an gcead aonair agus maidir leis an gcead cónaithe a eisítear chun críocha nach críocha oibre iad, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit doiciméad páipéir breise a eisiúint le gur féidir faisnéis níos cruinne a thabhairt maidir leis an gcaidreamh fostaíochta mar níl a dhóthain spáis i bhformáid an cheada cónaithe don fhaisnéis sin. Féadfaidh doiciméad den sórt sin cuidiú le dúshaothrú náisiúnach tríú tír a chosc agus cur in aghaidh fostaíochta neamhdhleathaí ach ba cheart é a bheith roghnach do na Ballstáit agus níor cheart é a úsáid mar mhalairt ar chead oibre, rud a chuirfeadh coincheap an cheada aonair féin ó mhaith. Féidearthachtaí teicniúla a thairgtear le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus pointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis, is féidir iad a úsáid freisin chun an fhaisnéis sin a stóráil i bhformáid leictreonach.

[8] Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).

(20) Na coinníollacha agus na critéir ar ar a mbonn is féidir iarratas a dhiúltú, ar iarratas ar chead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan é, nó ar ar a mbonn is féidir cead aonair a tharraingt siar, ba cheart iad a bheith oibiachtúil agus ba cheart iad a leagan amach sa dlí náisiúnta lena n-áirítear an oibleagáid prionsabal fhabhar an Aontais a urramú, go háirithe faoi mar a léirítear é i bhforálacha ábhartha Ionstraim Aontachais 2003 agus Ionstraim Aontachais 2005. Ba cheart cinntí cuí-réasúnaithe a dhéanamh sula ndiúltaítear ceadanna nó sula dtarraingítear siar iad.

(21) Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ina seilbh acu doiciméad bailí taistil agus cead aonair arna n-eisiúint ag Ballstát atá ag cur acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, ba cheart cead a bheith acu dul isteach i gcríoch na mBallstát atá ag cur *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine agus ba cheart cead saorghluaiseachta a bheith acu ann, ar feadh tréimhse suas le trí mhí laistigh de thréimhse sé mhí ar leith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus Airteagal 21 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile[10] (Coinbhinsiún Schengen).

[9] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

[10] IO L 239, 22.9.2000, lch. 19.

PUBLIC

(22) In éagmais reachtaíocht chothrománach de chuid an Aontais, bíonn éagsúlacht idir cearta náisiúnach tríú tír, de réir an Bhallstáit ina n-oibríonn siad agus de réir a náisiúntachta. D'fhonn beartas inimirce comhleanúnach a fhorbairt níos mó agus d'fhonn an mhíréir idir cearta shaoránaigh an Aontais agus náisiúnach tríú tír atá ag obair go dleathach i mBallstát a laghdú agus d'fhonn an *acquis* atá ann maidir le hinimirce a chomhlánú, ba cheart tacar ceart a leagan síos, go háirithe chun na réimsí lena bhforáiltear cóir chomhionann idir náisiúnaigh Ballstáit agus na náisiúnaigh tríú tír sin nach cónaitheoirí fadtéarmacha iad go fóill a shonrú. Is é is aidhm do na forálacha sin cothrom na Féinne a thabhairt laistigh den Aontas, a aithint go rannchuidíonn na náisiúnaigh tríú tír sin le geilleagar an Aontais trína n-obair agus trína n-íocaíochtaí cánach agus is é is aidhm dóibh freisin feidhmiú mar choimirce chun an iomaíocht mhíchothrom idir náisiúnaigh Ballstáit agus náisiúnaigh tríú tír a laghdú, rud a d'fhéadfadh eascairt as dúshaothrú na náisiúnach tríú tír sin. Gan dochar don léirmhíniú ar choincheap an chaidrimh fostaíochta i bhforálacha eile de dhlí an Aontais, ba cheart oibrí tríú tír faoin Treoir seo a shainiú mar náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit, a bhfuil cónaí dleathach air inti agus a bhfuil cead aige a bheith ag obair inti i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta nó, i gcomhthéacs caidrimh **fostaíochta** a bhfuil pá ag gabháil leis.

(23) Gach náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí air go dleathach sna Ballstáit agus atá ag obair iontu, ba cheart tacar coiteann de chearta a bheith aige bunaithe ar chóir chomhionann le náisiúnaigh a Bhallstáit óstaigh, gan beann ar an mbunchuspóir a bhí lena ligean isteach nó leis an mbonn a bhí leis sin. An ceart chun cóir chomhionann a bheith ag duine sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart é a dheonú ní hamháin do na náisiúnaigh tríú tír sin a ligeadh isteach i mBallstát chun dul i mbun oibre ach dóibh siúd a ligeadh isteach chun críocha eile agus ar tugadh rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin dóibh i gcomhréir le forálacha eile an Aontais nó le forálacha an dlí náisiúnta, lena n-áirítear baill de theaghlach oibrí tríú tír a ligtear isteach sa Bhallstát i gcomhréir le Treoir 2003/86/CE ón gComhairle[11]; náisiúnaigh tríú tír a ligtear isteach i gcríoch Ballstáit i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(24) Ba cheart nasc docht a bheith idir an ceart chun cóir chomhionann a fháil i réimsí sonraithe agus cónaí dleathach an náisiúnaigh tríú tír agus an rochtain a thugtar ar an margadh saothair i mBallstát, rudaí atá cumhdaithe sa chead aonair lena gcuimsítear an t-údarú cónaí agus obair a dhéanamh agus atá cumhdaithe i gceadanna cónaithe a eisítear chun críocha eile ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcead obair a dhéanamh.

---

11 Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003, lch. 12).

12 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí, tionscadal oideachais agus obair *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

(25) Ba cheart, le dálaí oibre dá dtagraítear sa Treoir seo, pá agus dífhostú ar a laghad, sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre, uaireanta oibre agus saoire a chumhdach, agus na comhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm á gcur san áireamh.

(26) Ba cheart do Bhallstát aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a fuair náisiúnach tríú tír i mBallstát eile ar an dóigh chéanna a dtugtar aitheantas do cháilíochtaí shaoránaigh an Aontais agus ba cheart cáilíochtaí a fuarthas i dtríú tír a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. An ceart chun cóir chomhionann a fháil a dheonaítear d'oibrithe tríú tír maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí, do theastais agus do cháilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha, ba cheart é a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát na hoibrithe tríú tír sin a ligean isteach ina margadh saothair.

Ba cheart an chóir chomhionann a bheith ag oibrithe tríú tír maidir le slándáil shóisialta. Sainítear brainsí den tslándáil shóisialta i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le cóir chomhionann i ndáil le slándáil shóisialta sa Treoir seo maidir le hoibrithe a ligtear isteach i mBallstát go díreach ó thríú tír. Bíodh sin mar atá, níor cheart, leis an Treoir seo, níos mó cearta a thabhairt d'oibrithe tríú tír ná mar a thugtar cheana féin i ndlí an Aontais atá ann cheana i réimse na slándála sóisialta maidir le náisiúnaigh tríú tír i gcásanna trasteorann.

---

13 Treoir 2005/36/CE i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

14 Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).



PUBLIC

**D'ainneoin an mhéid thuas, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas i gcás C-302/19[15], ní fhéadfaidh Ballstát an sochar slándála sóisialta a dhiúltú ná a laghdú do shealbhóir an cheada aonair ar an bhforas nach ar a chríoch féin, ach i dtríú tír a bhfuil cónaí ar roinnt dá mbaill teaghlaigh nó ar a mbaill teaghlaigh uile, má dheonaíonn sé an sochar sin dá náisiúnaigh féin gan beann ar áit chónaithe a mball teaghlaigh.**

(28) Ba cheart do na Ballstáit cóir chomhionann a áirithiú ar a laghad do náisiúnaigh tríú tír atá fostaithe nó atá cláraithe mar oibrithe dífhostaithe tar éis íostréimhse fostaíochta a bheith curtha isteach acu. Ba cheart aon srian ar an gcóir chomhionann i réimse na slándála sóisialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do na cearta arna dtabhairt de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(29) Ní chuirtear, le dlí an Aontais, aon teorainn le cumhacht na mBallstát a scéimeanna slándála sóisialta a reáchtáil. Is faoi gach Ballstát atá sé na coinníollacha a leagan síos faoina ndéantar sochair slándála sóisialta a dheonú, chomh maith leis an méid atá i gceist leis na sochair sin agus an tréimhse dá ndeonaítear iad. Agus na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú ag na Ballstáit, áfach, ba cheart dóibh dlí an Aontais a chomhlíonadh.

(30) Níor cheart feidhm a bheith ag cóir chomhionann d'oibrithe tríú tír maidir le bearta i réimse na gairmoiliúna mar maoinítear na bearta sin faoi scéimeanna cúnaimh shóisialta.

15 **Mír 39**.

16 Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leathnaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1).



PUBLIC

(31) Chun an chóir chomhionann d'oibrithe tríú tír a threisiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh fostóirí i gcás sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go háirithe maidir le dálaí oibre **agus** saoirse comhlachais **[…]**.

(32) Chun forfheidhmiú cuí na bh**forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun** na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit **[…] foráil a dhéanamh maidir** le sásraí iomchuí **[…]**d'**[…]**fhaireachán **[…]** agus **[…]**, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí éifeachtacha agus leordhóthanacha **[…]**ar a gcríocha faoi seach **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas riaracháin. [...] Ba cheart rochtain ar an áit oibre, i gcás inarb iomchuí, a bheith ag seirbhísí atá i gceannas ar chigireacht saothair nó ag údaráis inniúla eile.**

(33) Ba cheart do na Ballstáit **[…] a áirithiú go bhfuil sásraí éifeachtacha ann** freisin trínar féidir le hoibrithe tríú tír sásamh dlíthiúil a lorg agus gearáin a thaisceadh go díreach nó trí thríú páirtithe a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, amhail ceardchumainn nó comhlachais eile, nó údaráis inniúla. Meastar gur gá sin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhfuil oibrithe tríú tír ar an eolas faoi shásraí forfheidhmiúcháin a bheith ann nó go bhfuil drogall orthu iad a úsáid ina n-ainm féin, mar shampla gan eagla a bheith orthu go mbeadh iarmhairtí ann.

**(33a) I gcomhthéacs oibrithe a chosaint, ba cheart bearta náisiúnta comhchosúla maidir le faireachán, measúnú, cigireachtaí, pionóis agus éascú gearán a bheith glactha cheana agus ba cheart iad a bheith i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.**

(34) Ba cheart a údarú leis an gcead aonair don náisiúnach tríú tír an fostóir a athrú le linn thréimhse a bhailíochta. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann **[…] coinníollacha áirithe a chur i bhfeidhm d'athrú fostóra, lena n-áirítear** fógra **nó nós imeachta iarratais […]** agus **[…]** seiceáil ar staid mhargadh an tsaothair **[…]**. **Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal nach mbeidh athrú slí beatha i gceist leis an athrú fostóra, lena n-áirítear, i measc nithe eile, athrú ar an earnáil ghairme nó ar shaintréithe substaintiúla na fostaíochta. Chun mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, agus chun leasanna dlisteanacha na bhfostóirí atá ag infheistiú acmhainní in earcú agus in oiliúint oibrithe tríú tír a chosaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann íostréimhse ama a shocrú freisin a mbeidh sé de cheangal ar shealbhóir an cheada aonair oibriú don chéad fhostóir lena haghaidh sula n-athróidh siad fostóir. I gcásanna eisceachtúla a mbíonn údar cuí leo, mar shampla i gcás dhúshaothrú shealbhóir an cheada aonair nó má mhainníonn an fostóir a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le sealbhóir an cheada aonair, ba cheart do na Ballstáit an t-athrú fostóra a cheadú roimh dhul in éag na híostréimhse sin.** Níor cheart an cead aonair a tharraingt siar laistigh de thréimhse **[…] 2** mhí ar a laghad i gcás ina mbeadh sealbhóir an cheada dífhostaithe.

(35) Ba cheart an Treoir seo a chur i bhfeidhm gan dochar d'fhorálacha níos fabhraí atá i ndlí an Aontais agus in ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme.

PUBLIC

(36) Ba cheart do na Ballstáit éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach seo gan idirdhealú atá bunaithe ar inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach go háirithe i gcomhréir le Treoir 2000/43/CE ón gComhairle[17] agus i gcomhréir le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle[18].

(37) Ós rud é nach féidir cuspóirí na Treorach seo, eadhon nós imeachta um iarratas aonair a leagan síos maidir le cead aonair a eisiúint do náisiúnaigh tríú tír chun obair a dhéanamh i gcríoch Ballstáit mar aon le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a bhfuil cónaí dleathach orthu i mBallstát, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(38) Urramaítear leis an Treoir seo cearta bunúsacha, agus comhlíontar leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de CAE.

---

17 Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

18 Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).



PUBLIC

(39) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal [...] 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus [...] **níl** sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

**[…]**

(40) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal Uimh 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(41) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar an Treoir sin a bhí ann roimhe seo.

(42) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

PUBLIC

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Leagtar síos sa Treoir seo na nithe seo a leanas:

   (a) nós imeachta um iarratas aonair maidir le cead amháin a eisiúint do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí a dhéanamh ar chríoch Ballstáit chun obair a dhéanamh, chun na nósanna imeachta maidir lena ligean isteach a shimpliú agus chun rialú a stádais a éascú;

   (b) tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a bhfuil cónaí dleathach orthu i mBallstát, gan beann ar na cuspóirí a bhí lena ligean isteach i gcríoch an Bhallstáit sin ar dtús, bunaithe ar chóir chomhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

2. **Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear don cheart atá ag Ballstáit líon na náisiúnach tríú tír a ligfear isteach ar a gcríoch ó thríú tíortha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 79(5) CFAE.**

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine nach saoránach de chuid an Aontais é, de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE;

(b) ciallaíonn ‘oibrí tríú tír’ náisiúnach tríú tír a ligeadh isteach i gcríoch Ballstáit, ar a bhfuil cónaí dleathach sa Bhallstát sin agus ag a bhfuil cead a bheith ag obair i gcomhthéacs **[…]** caidrimh fostaíochta **a bhfuil pá ag gabháil leis** sa Bhallstát sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó lena chur i bhfeidhm sin;

**[…]**

**(c)** ciallaíonn ‘cead aonair’ cead cónaithe arna eisiúint ag údarás Ballstáit lena gceadaítear náisiúnach tríú tír cónaí dleathach a bheith air ina chríoch chun críche oibre;

**(d)** ciallaíonn ‘nós imeachta um iarratas aonair’ gach nós imeachta, ar bhonn aon iarratas amháin arna dhéanamh ag náisiúnach tríú tír, nó ag a fhostóir, ar údarú cónaithe agus oibre i gcríoch an Bhallstáit, a bhfuil cinneadh i dtaobh an iarratais ar chead aonair sin mar thoradh air.

*Airteagal 3*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na daoine seo a leanas:

(a) náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar chónaí i mBallstát chun críche oibre;

(b) náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i mBallstát chun críocha eile seachas críocha oibre i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, a gceadaítear dóibh obair a dhéanamh agus a bhfuil cead cónaithe acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002; agus

PUBLIC

(c) náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach i mBallstát chun críche na hoibre i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le náisiúnaigh tríú tír:

(a) ar baill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais iad atá tar éis leas a bhaint as a gceart chun saorghluaiseachta laistigh den Aontas nó atá ina bhun sin i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19];

(b) náisiúnaigh tríú tír agus baill dá dteaghlach, cibé náisiúntacht atá acu, a bhfuil cearta chun saorghluaiseachta acu arb ionann iad agus cearta shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus na Ballstáit, nó idir an tAontas agus tríú tíortha;

(c) atá **ar postú fad atá siad ar postú[…]**;

(d) a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach i gcríoch Ballstáit le bheith ina n-aistrithe ionchorparáideacha nó a ligeadh isteach sa cháil sin cheana féin i gcomhréir le Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20];

---

19 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

20 Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír faoi chuimsiú aistriú idirchorparáideach, (IO L 157, 27.5.2014, lch. 1).

(e) a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach i gcríoch Ballstáit mar oibrithe séasúracha , nó a ligeadh isteach inti cheana i gcomhréir le Treoir 2014/36/AE nó mar dhaoine *au pair*[…];

(f) atá údaraithe chun cónaí a dhéanamh i mBallstát ar bhonn cosaint shealadach **i gcomhréir le Treoir 2001/55/CE**, nó a bhfuil iarratas déanta acu ar údarú chun cónaí a dhéanamh ann ar an mbonn sin agus atá ag fanacht le cinneadh ar a stádas;

(g) ar tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta iad faoi Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] nó ar daoine iad a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoin Treoir sin déanta acu agus nach ndearnadh cinneadh deiridh ar a n-iarratas go fóill;

**(h) ar tairbhithe iad de chosaint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le hoibleagáidí idirnáisiúnta nó le cleachtas Ballstáit nó ar daoine iad a rinne iarratas ar chosaint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le hoibleagáidí idirnáisiúnta nó le cleachtas Ballstáit agus nach ndearnadh cinneadh ar a n-iarratas go fóill;**

**(i)** ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad i gcomhréir le Treoir 2003/109/CE;

**(j)** a bhfuil a ndíbirt curtha ar fionraí ar chúiseanna dlí nó fíorais;

---

21 Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).

(k) a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach i gcríoch Ballstáit le bheith ina n-oibrithe féinfhostaithe nó a ligeadh isteach sa cháil sin cheana féin;

(l) a bhfuil iarratas déanta acu ar ligean isteach mar mharaithe, nó a ligeadh isteach sa cháil sin chun dul i mbun fostaíochta nó oibre in aon cháil ar bord soitheach atá cláraithe i mBallstát nó atá ag cur chun farraige faoi bhratach Ballstáit.

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag Caibidil II maidir le náisiúnaigh tríú tír a údaraíodh chun obair a dhéanamh i gcríoch Ballstáit ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, nó a ligeadh isteach i mBallstát chun críche staidéir.

4. Ní bheidh feidhm ag Caibidil II maidir le náisiúnaigh tríú tír a gceadaítear dóibh obair a dhéanamh ar bhonn víosa.

PUBLIC

## CAIBIDIL II

## *NÓS IMEACHTAUM IARRATAS AONAIR AGUS CEAD AONAIR*

*Airteagal 4*

**Nós imeachta um iarratas aonair**

1. Cuirfear isteach iarratas ar chead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan trí bhíthin nós imeachta um iarratas aonair. Cinnfidh na Ballstáit an é an náisiúnach tríú tír nó a fhostóir a chuirfidh iarratais isteach ar chead aonair. **De rogha air sin, féadfaidh Ballstáit cead a thabhairt do cheachtar acu iarratais a chur isteach. […]**

**2. Déanfar iarratas ar chead aonair a mheas agus a scrúdú nuair a bheidh cónaí ar an náisiúnach tríú tír lena mbaineann lasmuigh de chríoch an Bhallstáit ar mian leis nó léi cead isteach ann, nó nuair a bheidh an náisiúnach ina chónaí nó ina cónaí ar chríoch an Bhallstáit sin cheana féin agus cead bailí cónaithe ina sheilbh aige nó ina seilbh aici. Féadfaidh Ballstát glacadh freisin, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, le hiarratais ar chead aonair arna chur isteach ag náisiúnaigh tríú tíortha eile atá i láthair go dleathach ar a chríoch.**

**3.** Scrúdóidh na Ballstáit iarratas a cuireadh isteach faoi mhír 1 agus glacfaidh siad cinneadh an cead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan má chomhlíonann an t-iarrthóir na ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais. Is éard a bheidh in aon chinneadh cead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan gníomh riaracháin amháin lena gcuimseofar cead cónaithe agus cead oibre.

**4.** Ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus i gcás ina n-eiseoidh Ballstát ceadanna aonair ar a chríoch féin amháin, eiseoidh an Ballstát lena mbaineann an víosa is gá don náisiúnach tríú tír **chun cead aonair a fháil**.

**5.** I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear, eiseoidh na Ballstáit cead aonair chuig náisiúnaigh tríú tír a dhéanann iarratas ar ligean isteach agus chuig náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach cheana agus a dhéanann iarratas ar a gcead cónaithe a athnuachan nó a mhodhnú tar éis teacht i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta cur chun feidhme.

PUBLIC

*Airteagal 5*

**Údarás inniúil**

1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás atá inniúil ar an iarratas a fháil agus ar an gcead aonair a eisiúint.

2. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin **[…]** iarratas **ar chead aonair** a luaithe agus is féidir agus i gcás ar bith laistigh de 4 mhí ón dáta **[…] a cuireadh an t-iarratas iomlán isteach**.

Cumhdófar leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír seiceáil staid an mhargaidh saothair **i gcás ina ndéanfar an tseiceáil sin i ndáil le hiarratas aonair ar chead aonair […].** Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla **a bhfuil údar cuí** leo a bhaineann le castacht **[…]**an iarratais**, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, scrúdú an mhargadh saothair**.

I gcás nach bhfuil cinneadh déanta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa mhír sin, is leis an dlí náisiúnta a dhéanfar aon iarmhairt a chinneadh.

3. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarrthóir i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar síos sa dlí náisiúnta ábhartha.

4. Más neamhiomlán de réir na gcritéar a shonraítear sa dlí náisiúnta atá an fhaisnéis nó na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn don iarrthóir faoin bhfaisnéis bhreise nó faoi na doiciméid bhreise atá ag teastáil agus leagfaidh sé amach spriocdháta réasúnta chun iad a sholáthar. Cuirfear an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 ar fionraí go dtí go bhfaighidh an t-údarás inniúil nó údaráis ábhartha eile an fhaisnéis bhreise atá ag teastáil. Mura ndéantar an fhaisnéis bhreise nó na doiciméid bhreise a sholáthar laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú don iarratas.

PUBLIC

*Airteagal 6*

**Cead aonair**

1. Eiseoidh na Ballstáit cead aonair ag úsáid na formáide aonfhoirmí mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 agus léireoidh siad an fhaisnéis maidir leis an gcead chun obair a dhéanamh i gcomhréir le pointí (a)12 agus 16 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

   Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise maidir le caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír (mar shampla ainm agus seoladh an fhostóra, an láthair oibre, an cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothar) a léiriú i bhformáid pháipéir, nó na sonraí sin a stóráil i bhformáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

2. Agus ceadanna aonair á n-eisiúint acu, ní eiseoidh na Ballstáit ceadanna breise mar chruthúnas ar údarú chun an margadh saothair a rochtain.

*Airteagal 7*

**Cead cónaithe a eisítear chun críocha nach chun críocha oibre iad**

1. Agus ceadanna cónaithe á n-eisiúint acu chun críocha eile seachas críocha oibre i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 léireoidh na Ballstáit an fhaisnéis a bhaineann le cead oibre gan beann ar an gcineál ceada atá ann.

Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise maidir le caidreamh fostaíochta an náisiúnaigh tríú tír (mar shampla ainm agus seoladh an fhostóra, an láthair oibre, an cineál oibre, uaireanta oibre, luach saothar) a léiriú i bhformáid pháipéir, nó na sonraí sin a stóráil i bhformáid leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh 1030/2002 agus i bpointe (a)20 den Iarscríbhinn a ghabhann leis.

2. Agus ceadanna aonair á n-eisiúint acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002, ní eiseoidh na Ballstáit ceadanna breise mar chruthúnas ar údarú chun an margadh saothair a rochtain.

*Airteagal 8*

**Ráthaíochtaí nós imeachta**

1. San fhógra i scríbhinn, tabharfar cúiseanna le cinneadh diúltú d’iarratas ar chead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan nó le cinneadh cead aonair a aistarraingt ar bhonn critéir dá bhforáiltear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.



PUBLIC

2. Cinneadh lena ndiúltaítear an t-iarratas cead aonair a eisiúint, a leasú nó a athnuachan nó lena ndéantar é a aistarraingt, beidh cead agóid dhlíthiúil a dhéanamh ina aghaidh sa Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Sonraítear, leis an bhfógra i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1, an chúirt nó an t-údarás riaracháin inar féidir leis an duine lena mbaineann achomharc a thaisceadh agus an teorainn ama leis sin.

3. Féadfar a mheas nach bhfuil iarratas inghlactha ar fhorais líon ard na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach ó thríú tíortha ar chúiseanna fostaíochta agus, ar an mbonn sin, ní gá é a phróiseáil.

*Airteagal 9*

**Rochtain ar fhaisnéis**

Arna iarraidh sin dóibh, cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas ar fáil **don náisiúnach tríú tír agus don fhostóir a bheidh ag an náisiúnach amach anseo**:

(a) faisnéis leordhóthanach**[…]** maidir leis an bhfianaise dhoiciméadach go léir is gá le haghaidh iarratais;

(b) faisnéis maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe, lena n-áirítear cearta, oibleagáidí agus coimircí nós imeachta na náisiúnach tríú tír agus a mball teaghlaigh.

*Airteagal 10*

**Táillí**

**[…]Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go n-íocfar táillí chun iarratais a láimhseáil i gcomhréir leis an Treoir seo. Ní bheidh leibhéal na dtáillí a fhorchuirfidh Ballstát chun iarratais a phróiseáil díréireach ná iomarcach.**

*Airteagal 11*

**Cearta ar bhonn an cheada aonair**

1. I gcás inar eisíodh cead aonair **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**, údarófar leis an gcead sin an méid seo a leanas dá shealbhóir le linn a thréimhse bailíochta:

   (a) teacht isteach agus dul a chónaí i gcríoch an Bhallstáit a d'eisigh an cead aonair, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an sealbhóir na ceanglais uile maidir le ligean isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

   (b) saor-rochtain ar chríoch iomlán an Bhallstáit a d'eisigh an cead aonair laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta;

   (c) an ghníomhaíocht shonrach fostaíochta arna húdarú faoin gcead aonair i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a dhéanamh;

   (d) go gcuirtear cearta an tsealbhóra féin a bhaineann leis an gcead a thugtar leis an Treoir seo agus/nó leis an dlí náisiúnta, go gcuirtear sin in iúl do shealbhóir an cheada.

2. **[…]**Ceadóidh na Ballstáit do shealbhóir ceada aonair **[…] an fostóir a athrú. Chomh maith leis na coinníollacha maidir le ligean isteach a fhíorú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit an t-athrú fostóra a chur faoi réir aon cheann de na coinníollacha seo a leanas: […]**

PUBLIC

(a) **fógra nó iarratas a chur faoi bhráid na n-údarás inniúla sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcás ina roghnóidh na Ballstáit nós imeachta um fhógra a thabhairt, féadfaidh siad cur i gcoinne an athraithe fostóra laistigh de 90 lá ón dáta a tugadh an fógra iomlán. I gcás ina roghnóidh na Ballstáit nós imeachta um iarratas, glacfaidh siad cinneadh maidir leis an iarratas laistigh de 90 lá ón dáta a rinneadh an t-iarratas iomlán. Sa dá chás, maidir leis an gceart atá ag sealbhóir an cheada aonair an t-athrú fostóra sin a shaothrú, féadfar é a chur ar fionraí le linn na tréimhse 90 lá sin fad a sheiceálfaidh an Ballstát lena mbaineann na coinníollacha faoi phointí (b) agus (c), de réir mar is infheidhme, agus fad a fhíoróidh sé go bhfuil na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta á gcomhlíonadh[…]**,

(b) **[…]** seiceáil ar staid an mhargaidh saothair **agus/nó ceanglas nach mbeidh athrú slí bheatha i gceist leis an athrú fostóra, nó**

**(c) íostréimhse ama ina gceanglaítear ar shealbhóir an cheada aonair oibriú don chéad fhostóir; ní bheidh an íostréimhse ama sin níos faide ná 12 mhí. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, ceadóidh na Ballstáit an t-athrú fostóra roimh dhul in éag na híostréimhse sin.**

**[…]**

**3.** […] **Ní bheidh an dífhostaíocht inti féin ina cúis le** […] cead aonair **a tharraingt siar** […] **ar choinníoll:**

**(a) nach faide ná 2 mhí an tréimhse iomlán dífhostaíochta le linn tréimhse bailíochta an cheada aonair, agus**

**(b) go dtabharfar fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann faoi thús aon tréimhse dífhostaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, faoi dheireadh na tréimhse sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta. Cinnfidh na Ballstáit an dtabharfaidh an náisiúnach tríú tír nó fostóir an náisiúnaigh tríú tír fógra do na húdaráis inniúla.**

PUBLIC

**I gcás ina n-aimseoidh sealbhóir ceada aonair dífhostaithe fostóir nua laistigh den tréimhse dífhostaíochta atá ceadaithe, féadfaidh na Ballstáit an fhostaíocht nua a chur faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2. Sa chás sin,** ceadóidh na Ballstáit do shealbhóir an cheada aonair **[…]** fanacht ar a gcríoch go dtí go mbeidh **measúnú** déanta ag na húdaráis inniúla ar **[…] chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 2 agus na gcoinníollacha maidir le ligean isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** de réir mar is **infheidhme,** fiú má théann an tréimhse **[…]cheadaithe dífhostaíochta […]** in éag.

**4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do shealbhóir ceada aonair a bheith dífhostaithe ar feadh tréimhse níos faide. Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar shealbhóir an cheada aonair fianaise a thabhairt go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige nó aici chun soláthar dó nó di féin gan dul i muinín chóras cúnaimh shóisialta an Bhallstáit lena mbaineann i ndáil le haon tréimhse dífhostaíochta is faide ná an tréimhse 2 mhí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a).**

PUBLIC

## CAIBIDIL III

## *AN CEART CHUN CÓIR CHOMHIONANN A FHÁIL*

*Airteagal 12*

### An ceart chun cóir chomhionann a fháil

1. Oibrithe tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), gheobhaidh siad cóir atá comhionann leis an gcóir a fhaigheann náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) dálaí oibre, lena n-áirítear pá agus dífhostú chomh maith le sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre;

(b) saoirse comhlachais, agus cleamhnachta agus ballraíochta in eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe nó d'fhostóirí nó in aon eagraíocht a bhfuil a comhaltaí rannpháirteach i slí bheatha shonrach, lena n-áirítear na sochair a thugann na heagraíochtaí sin, gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir le beartas poiblí agus slándáil phoiblí;

(c) **gairm**oideachas agus **gairm**oiliúint;

(d) aitheantas dioplómaí, teastas agus cáilíochtaí gairmiúla eile i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha;

(e) brainsí den tslándáil shóisialta mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004;

(f) sochair chánach, sa mhéid go meastar an t-oibrí a bheith ina chónaitheoir sa Bhallstát lena mbaineann chun críocha cánach;

(g) rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ar sholáthar earraí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal, lena n-áirítear nósanna imeachta chun tithíocht **[…]** a fháil mar a fhoráiltear leis an dlí náisiúnta, gan dochar do shaoirse conartha i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

(h) seirbhísí comhairle a chuireann oifigí fostaíochta ar fáil.

2. Féadfaidh na Ballstáit an chóir chomhionann a shrianadh:

(a) faoi mhír 1, pointe (c),, ar na bealaí seo a leanas:

(i) an cur i bhfeidhm a theorannú do na hoibrithe tríú tír sin atá fostaithe nó a bhí fostaithe agus atá cláraithe mar oibrithe dífhostaithe;

(ii) gan na hoibrithe tríú tír sin a ligeadh isteach ina gcríoch i gcomhréir le Treoir 2016/801/AE a chur san áireamh;

PUBLIC

(iii) gan deontais staidéir agus chothabhála, iasachtaí staidéir agus cothabhála ná deontais agus iasachtaí eile a chur san áireamh;

(iv) réamhriachtanais shonracha a leagan síos, lena n-áirítear inniúlacht teanga agus táillí teagaisc a íoc, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i ndáil le rochtain ar oideachas agus oiliúint ollscoile agus iar-mheánscoile agus ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint nach bhfuil baint dhíreach aici leis an ngníomhaíocht shonrach fostaíochta;

(b) teorainn a chur leis na cearta a thugtar d'oibrithe tríú tír faoi mhír 1, pointe (e), ach ní srianfar na cearta sin i gcás oibrithe tríú tír atá fostaithe nó a bhí fostaithe ar feadh tréimhse sé mhí ar a laghad agus atá cláraithe mar oibrithe tríú tír dífhostaithe.

Anuas air sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach bhfuil feidhm ag mír 1, pointe (e), i ndáil le sochair teaghlaigh maidir le náisiúnaigh tríú tír a údaraíodh chun obair a dhéanamh i gcríoch Ballstáit ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, maidir le náisiúnaigh tríú tír a ligeadh isteach chun críche staidéir**, nó maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead oibre acu ar bhonn víosa.**

(c) faoi mhír 1, pointe (f), i leith sochair chánach, tríd an gcur i bhfeidhm a theorannú do chásanna ina bhfuil áit chónaithe chláraithe nó gnátháit chónaithe bhaill teaghlaigh an oibrí tríú tír dá n-éilíonn sé sochair lonnaithe i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann.

PUBLIC

(d) faoi mhír 1, pointe (g), ar na bealaí seo a leanas:

(i) an cur i bhfeidhm a theorannú do na hoibrithe tríú tír sin atá fostaithe;

(ii) srian a chur le rochtain ar**[…]** thithíocht.

3. Beidh an ceart chun cóir chomhionann a fháil a leagtar síos i mír 1 gan dochar do cheart an Bhallstáit an cead cónaithe a eisíodh faoin Treoir seo, an cead cónaithe a eisíodh chun críocha eile seachas críocha oibre, nó aon údarú eile chun dul i mbun oibre i mBallstát, a aistarraingt nó diúltú é a athnuachan.

4. Maidir le seanaois, easláine agus bás, gheobhaidh oibrithe tríú tír a théann chun cónaithe i dtríú tír, nó daoine muinteartha leo a mhaireann ina ndiaidh a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír agus a bhfuil cearta ag dul dóibh ó na hoibrithe sin, gheobhaidh siad pinsin reachtúla ar bhonn iarfhostaíocht na n-oibrithe sin, agus ar baineadh amach iad i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 faoi na coinníollacha céanna agus ag na rátaí céanna le náisiúnaigh na mBallstát lena mbaineann nuair a théann siad chun cónaithe i dtríú tír.

*Airteagal 13*

**Faireachán, measúnú[…], cigireachtaí agus pionóis**

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta chun **[…] mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus pionós a ghearradh ar** fhostóirí as sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12. Leis na bearta **[…]** sin, áireofar faireachán, measúnú agus, i gcás inarb iomchuí, cigireacht i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le cleachtas riaracháin.

PUBLIC

2. Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ag fostóirí ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 12. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. **[…]**

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ar an láthair oibre ag seirbhísí atá i gceannas ar chigireacht ar shaothar nó ag údaráis inniúla eile agus, i gcás ina bhforáiltear dó sin faoin dlí náisiúnta maidir le hoibrithe náisiúnta, agus ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna oibrithe.

*Airteagal 14*

**Gearáin a éascú […]**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí éifeachtacha ann trínar féidir le hoibrithe tríú tír gearáin a dhéanamh i gcoinne a bhfostóirí **[…] go díreach nó trí thríú páirtithe a bhfuil sé lena leas go dlisteanach, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, comhlíonadh na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a áirithiú, nó trí údarás inniúil de chuid an Bhallstáit i gcás ina bhforáiltear dó sin leis an dlí náisiúnta.**

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh tríú páirtithe **[…] a bhfuil sé lena leas go dlisteanach, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, comhlíonadh na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a áirithiú,** dul i mbun, thar ceann oibrí tríú tír nó chun tacú leis, agus formheas faighte uaidh chuige sin, aon **[…] imeachtaí riaracháin nó sibhialta** darb aidhm comhlíonadh **na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun** na Treorach seo a fhorfheidhmiú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an rochtain chéanna ag oibrithe tríú tír agus atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu ar **bhearta atá ina gcosaint ar dhífhostú nó cóireáil dhíobhálach eile ón bhfostóir mar fhreagairt ar ghearán laistigh den ghnóthas nó ar aon imeachtaí dlíthiúla darb aidhm na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a fhorfheidhmiú. […]**

PUBLIC

## CAIBIDIL IV

## *FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

PUBLIC

*Airteagal 15*

**Forálacha níos fabhraí**

1. Beidh an Treoir seo gan dochar d'fhorálacha níos fabhraí sna dlíthe agus sna comhaontaithe seo a leanas:

   (a) dlí an Aontais, lena n-áirítear comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha idir an tAontas, nó an tAontas gona Bhallstáit, ar thaobh agus tríú tír amháin nó níos mó ar an taobh eile; agus

   (b) comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha idir Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó.

2. Beidh an Treoir seo gan dochar do cheart na mBallstát forálacha atá níos fabhraí do na daoine lena mbaineann sí a ghlacadh nó a choinneáil.

*Airteagal 16*

**Faisnéis don phobal**

Déanfaidh gach Ballstát tacar faisnéise a nuashonrófar go rialta ar fáil go sorochtana don phobal:

(a) ar tacar é maidir leis na coinníollacha faoina ligtear náisiúnaigh tríú tír isteach ina chríoch agus na coinníollacha maidir le cead cónaithe a thabhairt dóibh chun obair a dhéanamh inti;

(b) maidir leis an bhfianaise dhoiciméadach go léir is gá don iarratas;

(c) maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe, lena n-áirítear cearta, oibleagáidí agus coimircí nós imeachta na náisiúnach tríú tír a chuimsítear faoi raon feidhme na Treorach seo.

PUBLIC

*Airteagal 17*

**Tuairisciú**

1. Go tráthrialta, agus den chéad uair tráth nach déanaí ná [...] , cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo sna Ballstáit agus molfaidh sé na leasuithe a mheasfaidh sé a bheith ag teastáil.

2. Gach bliain, agus den chéad uair tráth nach déanaí ná [ ], déanfaidh na Ballstáit staidreamh (Eurostat) faoi líon na náisiúnach tríú tír ar deonaíodh cead aonair dóibh le linn na bliana féilire roimhe sin a chur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin, dí-chomhiomlánófar é de réir **saoránachta, fhad bailíochta na gceadanna, gnéis agus aoise agus, i gcás inarb infheidhme, slí bheatha […]** agus déanfar é a tharchur laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha.

[22] Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

*Airteagal 18*

**Trasuí**

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun **[…]** Airteagal 3(2)**(f),** Airteagal 4**[…] (2) […]** agus **(4)**, Airteagal 5(2), **an chéad agus** an dara fomhír, **Airteagal 7(1)**, Airteagal 9, **Airteagal 10,** Airteagal 11(2) go (4), **[…]** Airteagal 13, Airteagal 14 agus Airteagal 16 a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm iad faoin [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

PUBLIC

*Airteagal 19*

**Aisghairm**

Aisghairtear Treoir 2011/98/AE, a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, le héifeacht ón [*lá tar éis an dáta a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(1) den Treoir seo*], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun an Treoir a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a thrasuí sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, Airteagal 2 **[…]**, Airteagal 3(1), Airteagal 3(2), pointí (a) **[…] go (e) […]** agus (h) go **(l) […]**, Airteagal 3(3) agus (4), Airteagal 4**[…]** (**1**)**, (3)** agus **[…]** (**5**), Airteagal 5(1), **(2), an fhomhír dheireanach,** (3) agus (4), Airteagal 6, Airteagal 7**(2)**, Airteagal 8, **[…]** Airteagal 11(1), Airteagal 12 **[…]** , agus Airteagal 15 ón [lá tar éis an dáta sa chéad fhomhír d'Airteagal 18(1)].

PUBLIC

*Airteagal 21*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

An tUachtarán An tUachtarán

PUBLIC

Cuid A

**Treoir aisghairthe**

**(dá dtagraítear in Airteagal 19)**

Treoir 2011/98/AE ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 343, 23.12.2011, lch. 1)

PUBLIC

Cuid B

**Teorainneacha ama do thrasuí sa dlí náisiúnta**

**(dá dtagraítear in Airteagal 19)**

| Treoir | Teorainn ama don trasuí |
|---|---|
| 2011/98/AE | An 25 Nollaig 2013 |

**<u>IARSCRÍBHINN II</u>**

## TÁBLA COMHGHAOIL

PUBLIC

| Treoir 2011/98/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 **[…]** | Airteagal 2 **[…]** |
| Airteagal 3 **[…]** | Airteagal 3 **[…]** |
| Airteagal 4(1)**, an chéad abairt agus an dara habairt […]** | Airteagal 4(1)**, an chéad abairt agus an dara habairt […]** |
| **Airteagal 4(1), an tríú habairt** | **Airteagal 4(2)** |
| **Airteagal 4(2)** | **Airteagal 4(3)** |
| Airteagal 4(3) | - |
| - | Airteagal 4(**4**) **[…]** |
| Airteagal 4(4) | Airteagal 4(**5**) **[…]** |
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Airteagal 8 | Airteagal 8 |
| Airteagal 9 | Airteagal 9(a) |
| - | Airteagal 9(b) |
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | Airteagal 11(1) |
| - | Airteagal 11(2) go (4) |
| Airteagal 12 | Airteagal 12 |
| - | Airteagal 13 |
| - | Airteagal 14 |
| Airteagal 13 | Airteagal 15 |

| Treoir 2011/98/AE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 14 | Airteagal 16(a) |
| - | Airteagal 16(b) agus (c) |
| Airteagal 15 | Airteagal 17 |
| Airteagal 16 | Airteagal 18 |
| - | Airteagal 19 |
| Airteagal 17 | Airteagal 20 |
| Airteagal 18 | Airteagal 21 |
| | |
| - | Iarscríbhinn I |
| - | Iarscríbhinn II |

PUBLIC